An Coimisiún Eorpach




# Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn


PARLIAMENT LIAISON OFFICE
AIDRIMH PHARLAIMINT NA hEORPA
EUROPEAN COMMISSION REPRESENTA
IONADAÍOCHT AN CHOIMISIÚIN EORPAIG






ESF




European Union
An tAontas Eorpach
#ILoveEUResearch
Take your photo & share it with your friends!




European Union
An tAontas Eorpach

# Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn

Is cuid de líonra oifigí ionadaíocha an Choimisiúin ar fud Bhallstáit an Aontais Eorpaigh í Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn. Is muidne guth an Choimisiúin in Éirinn agus tá sé mar aidhm againn gnóthaí an Aontais a chur in iúl ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil araon.

Cuirimid eolas faoi ghnóthaí Eorpacha ar fáil don phobal i gcoitinne, do pháirtithe leasmhara agus do na meáin, agus déanaimid é sin trínár suíomh gréasáin, ár gcainéil ar na meáin shóisialta, ár bhfoilseacháin, ár n-imeachtaí, ár gcruinnithe agus ár gcuairteanna oideachais.

Chomh maith leis sin, bailímid eolas agus coimeádaimid an Coimisiún sa Bhruiséil ar an eolas faoi fhorbairtí éagsúla polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha in Éirinn. Mar chuid dár bhfeidhm éisteachta, reáchtálann an Ionadaíocht comhairliúcháin phoiblí ar smaointe éagsúla atá á bhforbairt ag an gCoimisiún. Eagraímid imeachtaí chun tuairimí a mhalartú leis an bpobal ar shaincheisteanna Eorpacha. Is mian linn a chinntiú go gcloistear guthanna na saoránach sa Bhruiséil.



**Barbara Nolan, Ceann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn**

# FOR-ROCHTAIN

Eagraíonn Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn imeachtaí go tráthrialta in Áras na hEorpa i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile ar fud na tíre agus ar líne, chun an pobal agus grúpaí leasmhara sonracha a choimeád ar an eolas faoi bheartais agus faoi chláir an Aontais.

Eagraímid cruinnithe poiblí i dtaca le réimsí éagsúla beartais, mar shampla, eacnamaíocht, fuinneamh, an comhshaol, cearta digiteacha, cearta sóisialta agus cearta bunúsacha, an t-oideachas agus deiseanna fostaíochta san Aontas. Óstálaimid roinnt taispeántas in Áras na hEorpa freisin arb í an Eoraip is téama dóibh. Tá na deiseanna a eascraíonn as plean Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais, NextGenerationEU, agus as an gComhaontú Glas don Eoraip á gcur chun cinn go gníomhach ag an Ionadaíocht freisin.

Bíonn an cead isteach chuig ár n-imeachtaí saor in aisce agus bíonn siad ar oscailt don phobal i gcoitinne. Tugann siad deis do dhaoine dul i dteagmháil go díreach le Coimisinéirí Eorpacha agus le hoifigigh shinsearacha an Choimisiúin, le mórphearsana polaitiúla in Éirinn, le tráchtairí eacnamaíocha agus polaitiúla agus le hiriseoirí. Cuirtear eolas maidir leis na himeachtaí uile ar shuíomh gréasáin na hIonadaíochta, ar Twitter, ar Facebook agus ar Instagram, agus inár nuachtlitir.

Gach bliain i mí Mheán Fómhair, reáchtálann an Ionadaíocht a cuid gníomhaíochtaí in ollphuball ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, áit a mbíonn an fhoireann ar fáil chun acmhainní éagsúla maidir leis an Aontas Eorpach a chur ar fáil don phobal, chomh maith le heolas agus saineolas sonrach i ndáil le Comhbheartas Talmhaíochta an Aontais.

Bíonn seastán ag an Ionadaíocht freisin ag Taispeántas bliantúil na nEolaithe Óga agus na Teicneolaíochta gach bliain i mí Eanáir, áit a ndéanaimid deiseanna san Aontas i réimse an taighde, na nuálaíochta agus na heolaíochta a chur chun cinn.



# OIDEACHAS

Óstálann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh cuairteanna ó bhunscoileanna, ó mheánscoileanna agus ó ollscoileanna.

Maireann gnáthchuairt timpeall 90 nóiméad agus is minic a chuimsítear cur i láthair ar stair agus ar fhorbairt an Aontais Eorpaigh lena linn (más mian leat go gcumhdóimis aon ábhar sonrach, cuir é sin in iúl dúinn agus tú ag cur na cuairte in áirithe), chomh maith le físeán faoi Éirinn agus faoin Aontas Eorpach agus tráth na gceist a bhíonn dírithe ar eolas na ndaltaí agus na mac léinn ar an Aontas.

D'fhéadfadh sé gur spéis le múinteoirí meánscoile OSSP, na hIdirbhliana, agus múinteoirí Staire nó Gnó na hArdteiste ach go háirithe cuairt a thabhairt ar an gCoimisiún Eorpach.

Féadfaidh mic léinn foghlaim faoi bheartais agus faoi institiúidí an Aontais Eorpaigh, faoi phróiseas cinnteoireachta an Aontais agus faoin tionchar a bhíonn ag ballraíocht san Aontas ar shaol na hÉireann.

Tá raon leathan foilseachán agus ábhar ranga ar fáil saor in aisce ón Ionadaíocht.

Cuireann an Ionadaíocht eolas ar fáil faoi dheiseanna gairme do chéimithe Éireannacha in institiúidí an Aontais freisin.

Chun cuairt a shocrú le haghaidh do ghrúpa, déan teagmháil leis an Ionadaíocht agus luaigh an dáta agus an t-am is rogha leat.

Is féidir cuairt fhíorúil a thabhairt orainn freisin.

**Ríomhphost:** eu-ie-info-request@ ec.europa.eu

Is comórtas bliantúil díospóireachta do mheánscoileanna í Bréag-Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ar comórtas é a eagraíonn an Ionadaíocht. Is ionsamhlúchán ar chruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh a bhíonn i gceist léi. Seasann foirne ó mheánscoileanna ar fud na hÉireann do na 27 mBallstát den Aontas agus pléitear ábhar roghnaithe. San earrach a reáchtáiltear an t-imeacht sin.






# SPÁS POIBLÍ NA hEORPA

Is ionad tarraingteach i lár na cathrach é Spás Poiblí na hEorpa ina reáchtáiltear comhdhálacha, cruinnithe, taispeántais agus imeachtaí cultúrtha. Tá na háiseanna uile ar fáil le haghaidh imeachtaí neamhthráchtála a bhaineann leis an Aontas agus bíonn an cead isteach saor in aisce.

I Spás Poiblí na hEorpa cuirtear eolas agus foilseacháin ar fáil saor in aisce i dtaca le stair agus forbairt an Aontais Eorpaigh, institiúidí an Aontais agus réimsí beartais éagsúla an Aontais.

*"I Spás Poiblí na hEorpa cuirtear eolas agus foilseacháin ar fáil saor in aisce"*

## Spás Poiblí na hEorpa

- 2 sheomra cruinnithe ar fáil ar urlár na talún: seomra comhdhála mór agus seomra cruinnithe (seomra boird) beag
- Tá áit sa seomra cruinnithe beag do 14 dhuine
- Tá áit sa seomra cruinnithe mór do 70 duine, ag brath ar an leagan amach a roghnaítear

## Saoráidí

- Suíocháin is féidir a bhaint amach
- Scáileán closamhairc buan agus trealamh buan
- Seastáin le haghaidh bróisiúir
- Wi-Fi saor in aisce
- Oiriúnach do chathaoireacha rothaí

Más mian leat seomra cruinnithe a chur in áirithe, seol ríomhphost chuig eu-ie-info-request@ec.europa.eu





# AN PREAS

Féachann Preasoifig na hIonadaíochta le preas na hÉireann a choimeád ar an eolas faoi ghnóthaí Eorpacha agus chun feasacht a mhéadú ar ról an Aontais Eorpaigh i saol na hÉireann. Déanann an Phreasoifig sin trí chúnamh a thabhairt do na meáin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla in Éirinn agus iad ag tuairisciú faoin Aontas.

Tugann an Oifig freagra díreach ar raon leathan fiosrúchán preasa agus meán maidir le saincheisteanna an Aontais. Ina theannta sin, déanann sí an clúdach atá sna meáin ar chúrsaí an Aontais a chur chun cinn go gníomhach trí dhul i dteagmháil leis na meáin go rialta agus trí phreaseisiúintí a fhoilsiú ar ábhair an Aontais a bhfuil spéis ag muintir na hÉireann iontu. Eagraíonn sí imeachtaí eolais agus cumarsáide freisin agus déanann sí ionadaíocht don Choimisiún ag preasagallaimh in Éirinn.

Bainistíonn an Phreasoifig suíomh gréasáin na hIonadaíochta freisin, chomh maith lena leathanaigh Twitter, Facebook agus Instagram. Tá an tábhacht a bhaineann le suíomhanna gréasáin agus na meáin shóisialta in obair laethúil na meán ag dul i méid. Na preaseisiúintí uile a eisíonn an Ionadaíocht, cuirtear ar a suíomh gréasáin iad agus tarraingítear aird an phobail orthu trí Twitter agus Facebook freisin.

Déanann an Oifig socruithe chun gur féidir le Coimisinéirí Eorpacha ar cuairt bualadh le lucht preasa na hÉireann. Cuidíonn sé sin chun beartais an Choimisiúin a chur chun cinn in Éirinn. Cúram mór eile atá ar an bPreasoifig is ea tuairisciú do Choimisinéirí agus d'oifigigh sa Bhruiséil i dtaca leis na gnéithe sin den saol polaitiúil agus gnó in Éirinn a bhaineann leis an Aontas.

Déanann an Ionadaíocht agallaimh chun dearcadh an Choimisiúin ar nuacht agus ar imeachtaí in Éirinn a chur in iúl, nó chun freagairt don mhéid atá sna meáin maidir leis an Aontas Eorpach.

Scaipeann an Ionadaíocht ríomh-nuachtlitir gach seachtain freisin. Déan an cód QR seo a scanadh agus cláraigh linn chun an nuachtlitir a fháil.




Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, agus an Taoiseach Micheál Martin i mbun preasagallaimh chun Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann a chur i láthair i mBaile Átha Cliath.

## AN tILTEANGACHAS A CHUR CHUN CINN

Chun an t-ilteangachas a chur i dtábhacht, cuireann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn cainteoirí ar fáil do ghrúpaí scoile (ina steillbheatha agus go fíorúil), cuireann sí foilseacháin agus acmhainní ar fáil agus eagraíonn sí raon comórtas (comórtais aistriúcháin do dhaltaí meánscoile mar shampla), ceardlanna (aistriúchán agus ateangaireacht) agus imeachtaí (an ócáid 'Bain triail as teanga nua' a bhíonn ar siúl Oíche Chultúir, cuir i gcás). Glacann an Ionadaíocht páirt freisin in imeachtaí eile, ar nós 'Smaoinigh ar Theangacha' (Think Languages).

## GAIRMEACHA IN INSTITIÚIDÍ AN AONTAIS

Féadfaidh saoránaigh de chuid an Aontais iarratas a dhéanamh ar raon leathan gairmeacha in institiúidí an Aontais. Spreagaimid daoine chun tosú leis na deiseanna oiliúna atá ar fáil sna hinstitiúidí éagsúla, ach tá raon leathan post ar conradh agus post buan ar fáil freisin. Maidir le poist bhuana, tá rud amháin i gcoiteann ag oifigigh uile an Aontais – ní mór dóibh an cumas a bheith acu oibriú i níos mó ná 2 theanga. Cuireann an Ionadaíocht eolas ar fáil faoin raon deiseanna atá ann, agus cuimsítear leis sin gairmeacha ginearálta agus gairmeacha teanga.

### TUILLEADH EOLAIS:

Ríomhphost: eu-ie-info-request@ec.europa.eu agus 'Ilteangachas' nó 'Gairmeacha' i líne an ábhair.





# SOLVIT

Tá ionad de chuid SOLVIT i ngach Ballstát den Aontas Eorpach, agus ní haon eisceacht í Éire (tá siad le fáil san Iorua, san Íoslainn agus i Lichtinstéin freisin). Féadfaidh na foirne sna hionaid SOLVIT cuidiú chun gearáin ó shaoránaigh agus ó ghnólachtaí araon a láimhseáil. Is cuid den lucht riaracháin náisiúnta iad agus tá siad tiomanta d'fhíor-réitigh ar fhadhbanna a chur ar fáil laistigh de 10 seachtaine. Ní bhíonn aon chostas i gceist le seirbhísí SOLVIT a úsáid.

Oibríonn Ionaid SOLVIT le chéile chun fadhbanna trasteorann atá ag saoránaigh/gnólachtaí a réiteach, ar fadhbanna iad a eascraíonn as cur i bhfeidhm mícheart dhlí an Aontais Eorpaigh ag údaráis phoiblí.


Tar éis measúnú a dhéanamh ar ghearán agus a luaithe a ghlactar leis mar chás, bíonn sé mar aidhm ag SOLVIT an fhadhb a réiteach laistigh de 10 seachtaine.

Éilíonn SOLVIT go mbeadh baint ag 2 Bhallstát leis na cásanna, chun gné thrasteorann na faidhbe a léiriú; dá bhrí sin, ba cheart do shaoránaigh/do ghnólachtaí teagmháil a dhéanamh lena n-ionad náisiúnta SOLVIT. Tá sonraí teagmhála na n-ionad náisiúnta SOLVIT le fáil ag an nasc seo a leanas: **https://ec.europa.eu/solvit/index_en.htm**

Ionad SOLVIT,
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2.

Ríomhphost: solvit-ie@enterprise.gov.ie
www.solvitireland.ie

*"Tá ionad de chuid SOLVIT i ngach Ballstát den Aontas Eorpach"*






# AN LÁRIONAD EORPACH DO THOMHALTÓIRÍ

European Consumer Centre Ireland
ECC-Net

Tá an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí in Éirinn ina bhall de Líonra uile-Eorpach na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, a chuireann comhairle ar fáil do thomhaltóirí ar fud an Aontais Eorpaigh maidir leis na cearta tomhaltóirí agus cosaintí dlí atá ar fáil dóibh agus iad ag siopadóireacht agus ag taisteal i mBallstát eile den Aontas Eorpach nó i dtír eile den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Tá gach eolas faoi chearta tomhaltóirí an Aontais Eorpaigh in Éirinn anseo: **eccireland.ie.**

Tomhaltóirí a bhfuil cúnamh á lorg acu maidir le díospóid in aghaidh trádálaí, is féidir leo teagmháil a dhéanamh linn ag: **eccireland.ie**.

Tomhaltóirí a bhfuil cúnamh á lorg acu maidir le díospóid in aghaidh trádálaí, is féidir leo teagmháil a dhéanamh linn ag: **eccireland.ie/contact-us**

Cuirtear seirbhísí na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí ar fáil saor in aisce.

**Uimhir ghutháin an Lárionaid Eorpaigh do Thomhaltóirí (ECC) in Éirinn**
+ 353 (0) 1 8797 620
Facs: + 353 (0) 1 8734 328
Seoladh Ríomhphoist: info@eccireland.ie
Suíomh gréasáin: www.eccireland.ie
Twitter: @eccireland.ie



# EUROPE DIRECT

EUROPE DIRECT

Má tá comhairle nó cuidiú i do chomharsanacht á lorg agat, nó má tá fóram áitiúil uait a chothaíonn idirphlé agus feasacht i ndáil le beartais an Aontais, is féidir cuairt a thabhairt ar ionad áitiúil de chuid Europe Direct.

Cuireann na hionaid sin eolas agus acmhainní a bhaineann leis an Aontas Eorpach ar fáil saor in aisce. Tá 8 n-ionad ar fud na tíre. Chun an t-ionad is gaire duit a aimsiú, féach www.europedirect.ie. Chun tuilleadh eolais a fháil agus aon cheist atá agat faoin Aontas Eorpach a chur, glaoigh ar 00 800 6 7 8 9 10 11. Tacaíonn an Coimisiún Eorpach le líonra leathan soláthraithe eolais in Éirinn, Europe Direct (ED) ina measc.

Is é misean an líonra eolas agus comhairle a thabhairt faoi bheartais an Aontais, díospóireacht áitiúil agus réigiúnach faoin Aontas a chur chun cinn go gníomhach, é a chur ar a gcumas do na hinstitiúidí Eorpacha eolas áitiúil agus réigiúnach a scaipeadh agus an deis a thabhairt don phobal aiseolas a sheoladh chuig institiúidí an Aontais. Tá **8 mol eolais** in Éirinn a chuireann na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- freagraí ar cheisteanna maidir le do chearta san Aontas, maoiniú, srl.
- cuirí chuig imeachtaí áitiúla eolais/líonraithe de chuid an Aontais
- doiciméid agus foilseacháin an Aontais
- tagairtí d'fhoinsí eolais eile
- sonraí teagmhála le haghaidh na n-eagraíochtaí ábhartha

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le gníomhaíochtaí Europe Direct in Éirinn, féach www.europedirect.ie



www.euireland.ie

www.facebook.com/euireland

www.twitter.com/eurireland

www.youtube.com/EUIRELAND

www.instagram.com/euireland

12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2, D02 W710

Fón: +353 1 634-1111
Facs: +353 1 634-1112
Ríomhphost: eu-ie-info-request@ec.europa.eu

Is iad Luan go hAoine, 9am-5pm
na huaireanta oscailte don phobal.

ISBN: 978-92-76-60575-1
DOI: 10.2775/78601